# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019

Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh

## 27 Eanáir - 3 Feabhra 2019

# FÁILTE

## Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019

Beidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019 i bhfeidhm ón 27 Eanáir go 3 Feabhra 2019. Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha ná Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh. Baineann téamaí na seachtaine le saol creidimh na scoile Caitlicí.

- Lá 1 – Ár Scoil Chaitliceach: Traidisiún Beo
- Lá 2 – Ár Scoil Chaitliceach: Fáilte roimh Éagsúlacht
- Lá 3 – Ár Scoil Chaitliceach: Idirghlúine
- Lá 4 – Ár Scoil Chaitliceach: Freastal ar an bPobal
- Lá 5 – Ár Scoil Chaitliceach: Tacú le Creideamh

Déanann téamaí na bliana seo an obair leanúnach a dhéanann na scoileanna Caitliceacha a cheiliúradh. Déanaimid machnamh maidir le luacha an tSoiscéil atá mar bhunchloch na scoileanna Caitliceacha, agus ar an mbealach inar féidir linne cur leis an spiorad sainiúil sin. Is é 'bunchloch do na scoileanna Caitliceacha' é an bealach ina dtéimid i ngleic le mistéir Chríost agus le taispeánadh na scrioptúr. (An tAthair Michael Drumm). Caithfear smaoineamh ar an mbealach ceart le scoil fháilteach a chruthú, agus le bheith mar bhaill scoile fáilteacha sinn féin. Is féidir an scoil a bheith ina baile do chách, má chuirimid chuige i gceart.

Smaoinigh ar an ionchur daonna ón aos óg agus ón dream críonna ar scoil. I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha beimid ag machnamh ar an dearcadh faoi bheith ag freastal ar Dhia agus ar an duine eile. Conas mar a rinneadh freastal orainne? Conas mar a dhéanaimid freastal ar an duine eile? Beifear ag díriú ar an mbealach ina ndéantar an creideamh a cheiliúradh sna Scoileanna Caitliceacha, agus an nasc creidimh atá ann le daoine eile. Caithfear freagairt shaor, gníomhach, comhchoiteann a thabhairt. Ciallaíonn glao an chreidimh go gcaithfear a bheith gníomhach lena chéile.

Beidh acmhainní Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha ar fáil ar líne. Tá siad ar fáil don tsraith shóisearach chomh maith leis an tsraith shinsearach. Tacaíonn na hacmhainní leis an straitéis litearthachta agus uimhearthachta, agus bíonn ábhar féinmhachnamhach a thacaíonn leis an measúnú sa seomra ranga ann chomh maith. Tá gníomhaíochtaí breise ar fáil mar ábhar fairsingithe do na daltaí.

Tá acmhainní SSC 2019 ar fáil ag www.catholicschools.ie

Moladh duitse a Thiarna. Le gach dea-ghuí,
Foireann Scríofa na hAcmhainne



IAR-BHUNSCOIL

# MACHNAMH AN LAE

## LUAN

### Ár Scoil Chaitliceach: Traidisiún Beo

Thug an tAthair Michael Drumm aitheasc ar an 7 Lúnasa 2012 a bhí bunaithe ar an gceist: 'Cad is Scoil Chaitliceach ann?' Cuireann sé an cheist: 'An bhféadfadh mana nó ráiteas misin don Scoil Chaitliceach níos fearr a bheith ann ná gníomhú go húdarásach agus go lách, a bheith cóir, agus a bheith umhal os comhair Dé?' (www.kandle.ie) Is í an Scoil Chaitliceach ceann de na háiteanna ina gcuirtear an traidisiún beo ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Múintear dúinn maireachtáil ar nós Íosa, os comhair an tsaoil. Pléitear linne ar bhealach grách, tuisceanach, cothrom, maiteach, trócaireach, muiníneach, le muintearas. Cabhraíonn an Scoil Chaitliceach linn doimhneacht a chur leis an tuiscint atá againn ar mhistéir Chríost. Tugtar deiseanna dúinn aithne a chur ar na Scrioptúir agus an Eocairist a roinnt. Roinneann sí stair an chreidimh linn.

Tugtar ábhar machnaimh dúinn maidir le bunús an chreidimh. Tá freagracht nach beag ar an Scoil Chaitliceach maidir leis an gcreideamh a bheith mar thraidisiún beo. Bíonn tionchar saoil aici orainn.

Mar Scoil Chaitliceach, caithfimid glacadh leis an dúshlán a chuir Íosa romhainn, agus an creideamh a roinnt. Is é Dia an fhoinse. Roinn na bunaitheoirí an creideamh orainn agus caithfear é a chur ar aghaidh tríd an fhoghlaim agus an múineadh, trí luachanna an tsoiscéil a chur i ngníomh: maithiúnas, aire, comhbhá, leigheas, fírinne, carthanacht, grá, ionchuimsitheacht. In Evangelii Gaudium, deir an Pápa Proinsias gur foinse luachmhar scaipeadh an chreidimh iad na Scoileanna Caitliceacha nuair a nascann siad an teagasc le luacha an tsoiscéil, fiú i dtíortha agus i gcathracha ina gcuirtear dúshlán rompu smaoineamh ar bhealaí cruthaitheacha leis an teagasc seo a chur i bhfeidhm.

## MÁIRT

### Ár Scoil Chaitliceach: Fáilte roimh Éagsúlacht

'Mar is eisean ár síocháin; is é a rinne aon bhuíon amháin den dá phobal nuair a leag sé ar lár an balla deighilte, an naimhdeas ina cholainn, agus chuir ar ceal an dlí agus a chuid aitheanta agus forálacha d'fhonn aon duine nua amháin a dhéanamh den bheirt ann féin trí shíocháin a dhéanamh eatarthu, agus an dá bhuíon a thabhairt chun athmhuintearais le Dia in aon chorp amháin leis an gcrois ar ar chuir sé an naimhdeas chun báis.'

(Eifisigh 2: 14-16) Ba chúis le hathmhuintearas agus síocháin é saol Chríost. Mhúin sé dúinn conas grá agus meas a léiriú i leith an duine eile. Lean na pápaí orthu leis an obair seo a dhéanamh leis na céadta bliain. Tá an tuiscint i gcroílár na hoibre seo. Caithfear tuiscint a bheith againn ar chreidimh nó ar chultúir eile sular féidir meas a léiriú. Luaitear sa Dara Chomhairle Vatacánach na Críostaithe agus na Moslamaigh ach go háirithe. Molann an Eaglais i Nostra Aetate, dearcadh na hEaglaise i leith na gcreideamh Neamh-Chríostaí, go ndéanfadh na Críostaithe agus na Moslamaigh muintearas a chothú ina measc, ar mhaithe le cách, leis an tsíocháin a chur ar aghaidh agus le luachanna morálta agus na saoirse agus an cheartais shóisialta a chur i bhfeidhm.' (Nostra Aetate, 3). Mar Scoil Chaitliceach caithfear díriú ar na cosúlachtaí atá againn le creidimh eile, agus ní a mhalairt. 'Fáilte roimh Chách.'

# CÉADAOIN

## Ár Scoil Chaitliceach: Idirghlúine

Is ionaid Idirghlúine iad na Scoileanna Caitliceacha. Tagann borradh agus fás nuair a chomhlánaíonn an ghlúin óg agus an dream críonna a chéile. Smaoinigh ar an obair a dhéanann an slua críonna do phobail na scoile. Deir an saoi Iób go bhfuil bua na haigne ag an duine aosta. Is sa scoil Chaitliceach a roinntear an eagna seo ar mhaithe le cách. Smaoinigh ar an mbealach ina gcuireann an t-aos óg le saol na scoileanna.

Deir Naomh Tiomóid:
'Ná lig d'éinne tú a dhíspeagadh mar gheall ar d'óige ach bí i d'eiseamláir do na creidmhigh ar chaint agus ar iompar, ar ghrá agus ar chreideamh agus ar naofacht.'
Is féidir le haos óg na scoile Caitlicí inspioráid a thabhairt dúinn, agus leis na daoine níos aosta spreagadh a thabhairt dúinn. Baineann cách le 'Clann Dé'. Is fíor é seo cé gur daoine éagsúla le buanna agus taithí éagsúil muid. Is bronntanas ó Dhia sinn.

# DÉARDAOIN

## Ár Scoil Chaitliceach: Freastal ar an bPobal

Ag deireadh cheiliúradh na hEocairiste deirtear linn imeacht faoi shíochán leis an Tiarna a mholadh inár saol, agus tugaimid an freagra 'Buíochas le Dia.' Bímid buíoch as a bheith in ann freastal ar an duine eile. Cad is brí leis sin? Rud a dhéanamh do dhaoine eile nach féidir leo a dhéanamh dóibh féin, fiú amháin sula gcuirfí ceist orainn a leithéid a dhéanamh. Bímid ag feidhmiú ar mhaithe leis an duine eile. Cuirtear síos ar fhear ar tugadh drochíde dó sa scéal 'An Samárach Maith'. D'imigh sagart Giúdach agus Léivíteach thar bráid gan stopadh. Ba Shamárach an té a thug cabhair dó, agus is iad san, naimhde traidisiúnta na nGiúdach!
Pápa don uile dhuine é an Pápa Proinsias. Tugann sé grá, aire agus tacaíocht do na daoine ar an imeall. Dúirt Íosa linn a bheith ag freastal ar a chéile. (Féach Galataigh 5:13). Tugann an Pápa Proinsias an dea-shampla seo dúinn. Deir Roinn an Soiscéal go neamhbhalbh go mbíonn dualgas orainn an lámh chúnta a shíneadh chuig na daoine gátaracha, dóibh san atá thíos leis de bharr míbhuntáiste sóisialta, riachtanais speisialta, bodhaire, nó bheith mar imircigh nó mar bhaill Lucht Taistil. Caithfear éisteacht leis an nglao agus gníomhú dá réir.

# AOINE

## Ár Scoil Chaitliceach: Tacú le Creideamh

Déantar ócáidí speisialta a cheiliúradh. Bíonn cóisir againn le comóradh breithe nó bliana a dhéanamh. Bíonn bronnadh céime ann nuair a chríochnaítear ar scoil nó sa choláiste. Déantar an bhliain úr a cheiliúradh, chomh maith le go leor ócáidí eile inár saol. Déanann an Eaglais an creideamh a cheiliúradh chomh maith, agus is trí na sacraimintí is mó a dhéantar an ceiliúradh. Tá go leor scéalta sa Bhíobla a bhaineann le béile a chaitheamh agus ceiliúradh a dhéanamh. I soiscéal Naomh Lúcás insítear an scéal faoin mac drabhlásach. Nuair a tháinig sé abhaile arís, mharaigh an t-athair an lao beathaithe agus bhí féasta agus béile ceiliúrtha ann. Féach Lúcás 15: 23-24.
I soiscéal Naomh Matha déantar comparáid idir Ríocht Dé agus comóradh bainise (féach Matha 22:1-46). Bíonn ról nach beag ag na scoileanna Caitliceacha maidir leis an gcreideamh a cheiliúradh. Is sna scoileanna Caitliceacha a dhéanaimid aithne a thabhairt don lúcháir agus don bhrón, don sonas agus don imní. Cabhraítear linn fás i gcreideamh agus i gcomhbhá don duine eile dá bharr. Tugtar an traidisiún beo ar an gcreideamh seo againne.
Mar a deir an tAthair Michael Drumm: 'An bhféadfadh mana nó ráiteas misin don Scoil Chaitliceach níos fearr a bheith ann ná gníomhú go húdarásach agus go lách, a bheith cóir, agus a bheith umhal os comhair Dé?' (www.kandle.ie)

# LIOTÚIRGE SHEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA 2019

## (Is Féidir a Úsáid mar Liotúirge an Bhriathair)

Eagraigh ionad maisithe go simplí le siombailí an Chaitliceachais: coinnle, uisce, cros, Bíobla. Is éifeachtach an rud é túis a úsáid chomh maith

(Sleachta ón 3ú Domhnach Saor, Bliain C)

Amhrán Iontrála: 'Is Beannaithe Teach Dé'

**Deasghnáth Aithrí**
Ceannaire: A Thiarna Íosa, is tusa Dia uilechumhacht agus Tiarna na Síochána. A Thiarna Déan Trócaire.
Cách: A Thiarna Déan Trócaire.

Ceannaire: A Thiarna Íosa, is tusa mac Mhuire agus mac Dé. A Chríost Déan Trócaire.
Cách: A Chríost Déan Trócaire.

Ceannaire: A Thiarna Íosa, is tusa an Briathar i gcolainn dhaonna agus glóir an Athar. A Thiarna Déan Trócaire. Cách: A Thiarna Déan Trócaire.

(Is féidir: 'A Thiarna Déan Trócaire' a chanadh.
'Aifreann Ghleann Dá Loch'
An tAthair Liam Lawton)

**An Chéad Léacht**
Sliocht as leabhar Nihimiá (8:2-6.8-10)

**Salm**
Na focail atá ráite,
is spiorad agus is beatha iad
(Salm 18:8-10.15)

**An Dara Léacht**
Sliocht as Chéad Litir Naomh Pól chuig na Corantaigh (12:12-30)

**Gairm an tSoiscéil**
Alleluia, Alleluia!
Tá Spiorad an Tiarna orm, mar gur choisric le hola mé.
Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil do na boicht, ag fógairt a scaoilte do bhránna.
Alleluia!

**Soiscéal**
Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir N. Lúcás (1:1-4; 4:14-21)

**Guí an Phobail**
Guímis ar son Eaglais Dé, go dtabharfaidh an Tiarna síoraire grámhar di. Guímis chun an Tiarna.
Cách: Éist linn a Dhia Uilechumhachtach.

Guímis ar son chách ar domhan, go ndéanfaidh an Tiarna síth a chothú inár measc. Guímis chun an Tiarna.
Cách: Éist linn a Dhia Uilechumhachtach.

Guímis ar son chách atá faoi leatrom de shórt ar bith, go mbronnfaidh an Tiarna faoiseamh chaoin orthu. Guímis chun an Tiarna.
Cách: Éist linn a Dhia Uilechumhachtach.

Guímis ar ár son féin agus ar son ár muintire go nglacfaidh an Tiarna leis an íobairt phearsanta a dhéanaimid. Guímis chun an Tiarna.
Cách: Éist linn a Dhia Uilechumhachtach.

Urnaí an tSagairt: A Dhia, ár neart agus ár ndídean, éist le hurnaí do mhuintire. Is tusa foinse na naofachta. Deonaigh go mbronnfar orainn gach a n-iarraimid go humhal uait. Trí Chríost ár dTiarna. Amen.

Cuir deireadh leis an tseirbhís trí amhrán oiriúnach a chanadh.

Moladh: Paidir Eocairisteach II

**Ceol:**
- Ag Críost an Síol (Ó Riada)
- Céad Míle Fáilte Romhat
- Caoineadh na dTrí Mhuire
- Críost Liom' (Bernard Sexton)
- A Mhuire Mháthair
- Éirím Suas Le Dia' (Ronan McDonagh)
- Ár nAthair
- Lúireach Phádraig
- Deus Meus
- Canaimis le Chéile

